

Fógraíonn EUSPA buaiteoirí chomórtas #myEUspace!

EUSPA/PR/21/01 Prág, 2 Meitheamh 2022

11 ghnólacht atá ag gealladh cur isteach ar theicneolaíocht na hEorpa amach anseo le cumhacht an spáis.

Seoladh #myEUspace i mí Mheán Fómhair 2021 mar chuid de thionscnamh CASSINI an Choimisiúin Eorpaigh, agus le níos mó ná EUR 1 mhilliún in airgead duaise ar fáil, tá sé ar cheann de na comórtais is mó a d'eagraigh EUSPA riamh.

Tugadh dúshlán do nuálaithe agus d'fhiontraithe táirgí/feidhmchláir a úsáideann sonraí agus seirbhísí ó Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a thráchtáil. Cé go raibh earnálacha éagsúla sna réitigh, amhail seirbhísí suíomhbhunaithe, soghluaisteacht chliste, geomaitic agus talmhaíocht chliste, tá bunús ag gach ceann acu maidir lena n-úsáid as sonraí Galileo nó Copernicus, chomh maith le tairbhe á bhaint acu as na sineirgí idir an dá cheann.

Fógraíodh torthaí an chomórtais le linn Lá Fiontraíochta, ar imeacht é a eagraíodh i gceanncheathrú EUSPA i bPrág. Bhí deis ag na 43 gnólacht nuathionscanta luathaithe cur i láthair ar a ngnólachtaí a thabhairt do chuid de na caipitilte fiontair is mó san Eoraip agus d'Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht DEFIS, Timo Pesonen.

“Leis an Tionscnamh CASSINI, táimid ag tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhfás chun a ndeiseanna a thabhairt don iliomad tallann nár baineadh leas astu san Aontas Eorpach. Na hiarratais a cuireadh i láthair inniu le linn Lá Fiontraíochta ag EUSPA, is cruthúnas láidir iad ar an méid is féidir a bhaint amach nuair a dhéantar spiorad na fiontraíochta, na nuálaíochta agus sonraí Spáis an Aontais a mheascadh” a deir Timo Pesonen.

“Tá na sonraí agus na seirbhísí spáis ag spreagadh na nuálaíochta agus ag cumasú teicneolaíochtaí bunathraitheacha i raon leathan earnálacha,” a deir Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA, Rodrigo da Costa. “Tá fonn ar leith ar ghnólachtaí nuathionscanta glacadh leis an acmhainneacht a chuireann Clár Spáis an AE ar fáil. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis na buaiteoirí agus leis na rannpháirtithe as an iarracht a rinne siad.”

Tar éis an tsearmanais bronnta ag an Lá Fiontraíochta, tá áthas ar EUSPA anois buaiteoirí chomórtas #myEUspace a fhógairt go poiblí:

I Rian 1, bhí ar na nuálaithe a smaoineamh teoiriciúil a fhorbairt ina fhréamhshamhail:

- **SANGENE:** Radar éighníomhach comhtháite bunaithe ar GNSS chun constaicí a bhrath agus chun an chéad logánú a dhéanamh orthu
- **EO4ART:** Feidhmchlár gréasáin le haghaidh táirgí ealaíne agus sainoiriúnaithe bunaithe ar íomhánna satailíte a fuarthas thar réigiún spéise ar leith
- **ALTIWAVE:** Tonnairde réigiúnacha a dhíorthaítear ó shatailítí d'earnáil an fhuinnimh mhuirí
- **Master Map:** Stádas uathoibríoch mapála bóthair le haghaidh barrfheabhsú cothabhála
- **VirtualCrop:** Feidhmchlár le haghaidh feirmeoireacht bheacht inbhuanaithe a dhéanann uirlisí bailithe sonraí agus anailíse de ghutháin

- **RIGOROUS:** Forbairt agus úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as réitigh bunaithe ar úsáid a bhaint as algartaim Randamachta-Dhiana ar mhaithe le barrfheabhsú bealaí atá beagnach i bhfhíor-am

...agus i Rian 2, bhí ar na nuálaithe a bhfréamhshamhail a bhí ann cheana a iompú ina tháirge agus é a sheoladh ar an margadh:

- **Ardán C-ITS:** Ardán C-ITS chun sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú, arna chumhachtú ag Galileo agus Copernicus
- **E20.Green:** Ardán Chliste arna chumhachtú ag GNSS, AI, EO agus IoT chun cur ar chumas cuideachtaí Gailfchúrsa agus Bainistíochta Spáis Ghlas Uirbeach sócmhainní, oibríochtaí agus réimsí talún a bhainistiú go héifeachtach
- **SPAI:** Réiteach chun anailísíocht satailíte a chomhtháthú go héasca i gcleachtais oibre saineolaithe agus úsáideoirí nach saineolaithe iad, agus luach Faire na Cruinne á bhaint amach go héasca trí intleacht shaorga
- **SOILSPECT:** Monatóireacht uathoibríoch ar thurnamh talún ag láithreáin tógála
- **Agricircle:** Deais le haghaidh Torthaí na Talmhaíochta Athghiniúnaí

Léigh tuilleadh anseo

Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán; cuireann sí tráchtálú shonraí agus sheirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn; agus comhordaíonn sí GOVSATCOM, an clár cumarsáide satailíte rialtais atá le teacht ó AE. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhphárteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

Le tuilleadh faisnéise a fháil:

Marie Ménard, Oifigeach Cumarsáide EUSPA: Marie.Menard@euspa.europa.eu

Teil.: +420 237 766 627 - Fón póca: +420 602 619 776